



AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

CRUINIÚ IOMLÁNACH

ARD MHACHA 17 IÚIL 2007

TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH

1. Tionóladh an cúigiú cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) in Óstán Chathair Ard Mhacha, Ard Mhacha, ar 17 Iúil 2007.
2. Is iad an Chéad Aire, an Ró-Onórach, an Dr Ian Paisley FP CTR agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness FP CTR a bhí i gceannas ar thoscaireacht Thuaisceart Éireann agus a bhí ina gcomhchathaoirligh ar an chruinniú. Is é an Taoiseach, Bertie Ahern T.D. a bhí i gceannas ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann. Tá liosta iomlán bhaill an dá thoscaireacht i gceangal leis seo mar larscríbhinn.
3. D'aithin na hAirí a thábhachtaí a bhí an ócáid, an chéad chruinniú iomlánach de CATT ó 2002. D'fháiltigh siad roimh an deis teacht le chéile sa Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas chun dul i gcomhairle lena chéile, comhoibriú comhleasmhar a chur chun cinn, agus chun roinnt cinntí a dhéanamh ar réimse ceisteanna laistigh de chlár oibre na Comhairle.

COMHOIBRÍÚ TRASTEORANN AR BHÓITHRE

4. Thug an Chomhairle dá haire an rún a bhí ag Rialtas na hÉireann suim £400 milliún / €580 milliún a chur a fáil mar chúnaimh chun chlár mhóra le haghaidh bóithre a mhaoiniú, cláir a sholáthróidh caighdeán carrbhealaigh dhúbailte ar chonairí taobh istigh de Thuaisceart Éireann atá ag freastal ar an Iarthuaisceart, agus ar chonair an chósta thoir ó Bhéal Feirste go Latharna.

5. Dhaingnigh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann gur ghlac sé leis, i bprionsabal, go dtabharfar faoin dá thionscadal mhóra bóithre sin.
6. Is iad Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus a chuid gníomhaireachtaí a thabharfaidh faoin tionscadal bóithre ó Bhéal Feirste go Latharna.
7. Tabharfar faoin gconair atá ag freastal ar an Iarthuaisceart i gcomhréir leis na socruithe le haghaidh maoinithe, cuntasachta, pleanála agus soláthair ar aontaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann orthu.
8. Déanfaidh na hAirí iomchuí na bearta is gá chun go dtabharfar faoin tionscadal seo agus ina measc sin cuirfear tús le staidéar ar bhealach na conaire.

AN TATHCHÓIRIÚ ATÁ BEARTAITHE AR CHUID CHLUAIN EOIS – LOCH ÉIRNE UACHTAIR DE CHANÁIL ULADH

9. D'aontaigh an Chomhairle dul ar aghaidh le hathchóiriú an chuid sin de Chanáil Uladh atá idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair i bhfianaise thairiscint Rialtas na hÉireann go gclúdódh sé costais iomlána chaipitiúla an tionscadail.
10. Is é Uiscebhealaí Éireann, Foras Forfheidhmithe Thuaidh Theas, a bheidh freagrach as athchóiriú an chuid sin den Chanáil, agus i ndiaidh an athchóirithe, as í a bhainistiú, a chothabháil agus a fhorbairt go príomha chun críocha áineasa.
11. Is iad na hAirí cuí, a thiocfaidh le chéile in Earnáil Uiscebhealaí Éireann de CATT, a dhéanfaidh comhaontú ar phleananna chun tabhairt faoin obair athchóirithe, agus sonraí na socruithe maoiniúcháin san áireamh, agus tabharfaidh siad tuairiscí faoin dul chun cinn do chruinnithe iomlánacha CATT.

OBAIR NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH/THEAS

12. Fuair an Chomhairle tuarascáil ó na Comhrúnaithe faoi obair CATT ó 2002 i leith. Thug sí dá haire gur leanadh d'obair na bhForas Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Thurasóireacht Éireann agus chuir sí in iúl do na Boird agus don fhoireann gur mór aici an obair a bhí déanta acu. Thug an Chomhairle dá haire fosta an comhoibriú comhleasmhar a rinneadh idir Airí agus Ranna sna Réimsí le haghaidh Comhoibríthe.

COMHAONTÚ CHILL RÍMHINN - ATHBHREITHNIÚ

13. D'aontaigh an Chomhairle tabhairt faoin athbhreithniú, a ndearnadh foráil dó i gComhaontú Chill Rímhinn, ar na Forais Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus ar na Réimsí le haghaidh Comhoibrithe. Cuirfear tús leis an Athbhreithniú i Meán Fómhair 2007 agus cuirfear tuarascáil deiridh faoi bhráid an chéad chruinnithe iomlánaigh de chuid CATT in 2008. Déanfaidh grúpa an tAthbhreithniú, agus áireofar sa ghrúpa sin oifigigh shinsearacha agus painéal comhairleach ar a mbeidh ceathrar saineolaithe/comhairleoirí, beirt le hainmniú ag Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus beirt le hainmniú ag Rialtas na hÉireann.

FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN NEAMHSPLÉÁCH THUAIDH/THEAS

14. Thug an Chomhairle dá haire go rachaidh Rialtas na hÉireann i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta faoin Fhóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas. Thug sí dá haire fosta go raibh na socruithe le haghaidh dul i gcomhairle leis an tsochaí i gcoitinne á n-athbhreithniú i dTuaisceart Éireann agus d'aontaigh sí breithniú a dhéanamh ar an gceist sin a luaithe a bheadh an t-athbhreithniú sin críochnaithe.

FÓRAM PARLAIMINTEACH THUAIDH/THEAS

15. Thug an Chomhairle dá haire na forálacha de Chomhaontú Chill Rímhinn a bhaineann leis an Fhóram Parlaiminteach Thuaidh Theas. D'aithin sí gur gnó é do Thionól Thuaisceart Éireann agus don Oireachtas aon fhorbairt a dhéanamh ar fhóram comhpharlaiminteach.
16. Rachaidh oifigigh ón dá rialtas i dteagmháil le Tionól Thuaisceart Éireann agus le Tithe an Oireachtais agus cuirfidh siad tuairisc ar ais chuig CATT a luaithe a bheidh deis ann faoi na ionchais i dtaca le forbairt ar fhóram den sórt sin a dhéanamh.

PLEANÁIL LE HAGHAIDH CRUINNITHE CATT SA TODHCHAÍ

17. Bhreithnigh agus cheadaigh an Chomhairle sceideal chruinnithe CATT a bheidh á dtionól sna míonna atá le teacht agus d'aontaigh sí go mbeidh an chéad chruinniú eile dá cuid i bhfoirm iomlánach á thionól i nDún Dealgan i dtrátha dheireadh na bliana.

**An Chomhrúnaíocht
17 Iúil 2007**

IARSCRÍBHINN A

CRUINIÚ NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH/THEAS ARD MHACHA – 17 IÚIL 2007

Feidhmeannas Thuaisceart Éireann	Rialtas na hÉireann
An Ró-Onórach, an Dr Ian Paisley FP CTR (Céad-Aire)	Parthalán Ó hEachthairn TD (Taoiseach)
Martin McGuinness FP CTR (LeasChéad-Aire)	Brian Ó Comhain TD (Tánaiste agus Aire Airgeadais)
Peter Robinson FP CTR (An tAire Airgeadais agus Pearsanra)	Nollaig Ó Díomasaigh TD (An tAire Iompair agus Mara)
Arlene Foster CTR (An tAire Comhshaoil)	Diarmuid Ó hEachthairn TD (An tAire Gnóthaí Eachtracha)
Edwin Poots CTR (An tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta)	Micheál Ó Máirtín TD (An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta)
Nigel Dodds FP CTR (An tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta)	Séamus Braonáin TD (An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta)
Conor Murphy FP CTR (An tAire Forbartha Réigiúnaí)	Éamon Ó Cuív TD (An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta)
Michelle Gildernew FP CTR (An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe)	Máire Ní Chochláinn TD (An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia)
Caitriona Ruane CTR (An tAire Oideachais)	Máire Ní Ainifín TD (An tAire Oideachais agus Eolaíochta)
Sir Reg Empey CTR (An tAire Fostaíochta agus Foghlama)	Seán Ó Gormlaigh TD (An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil)
Margaret Ritchie CTR (An tAire Forbartha Sóisialta)	Éamon Ó Riain TD (An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha)
Ian Paisley Jnr CTR (Aire Sóisearach)	
Gerry Kelly CTR (Aire Sóisearach)	